2024/1961

17.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1961 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2024

maidir le coinníollacha aonfhoirmeacha i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú [1], agus go háirithe Airteagal 5(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, soláthraítear an creat dlíthiúil maidir le haicmiú réigiúnach ionas gur féidir staidreamh réigiúnach comhchuibhithe a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh san Aontas.

(2) Leasaigh an Coimisiún aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/674 ón gCoimisiún [2] a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfaidh na Ballstáit an amshraith le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

[1] IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj.
[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/674 ón gCoimisiún an 26 Nollaig 2022 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 87, 24.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/674/oj).

IARSCRÍBHINN

Bliain tosaigh riachtanach de réir réimse staidrimh

Réimse	Leibhéal NUTS 2	Leibhéal NUTS 3
Talmhaíocht – táirgeadh ainmhithe	2021	
Talmhaíocht – cuntais eacnamaíocha réigiúnacha	2021	
Déimeagrafaíocht ghnó	2022	2022
Déimeagrafaíocht – daonra, beobhreitheanna, básanna	1990 ([1])	1990 ([1])
Oideachas	2013	
Sláinte – cúiseanna báis	2013	
Úsáid chúraim sláinte – scaoileadh amach as ospidéal	2023	
Margadh saothair – fostaíocht, dífhostaíocht	2019	2019 ([2])
Cuntais réigiúnacha – cuntais de réir tionscail agus de réir réigiúin	2000	2000
Cuntais réigiúnacha – cuntais na dteaghlach	2000	
Eolaíocht agus teicneolaíocht – caiteachas T&F agus pearsanra	2021	
Staidreamh struchtúrach gnó	2022	
Turasóireacht	2020	2020
Staidreamh dramhaíola – saoráidí cóireála dramhaíola	2018	

([1]) Níl tarchur sainordaitheach le haghaidh na mblianta tagartha 1990 go 2012.
([2]) Níl tarchur sainordaitheach suas leis an mbliain tagartha 2020.